

Léiríonn an bhileog seo an fhaisnéis dóibh siúd atá cláraithe chun úsáid a bhaint as an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte ag Leabharlann Ráth Eanaigh. Cuireann an tSeirbhís Mo Leabharlann Oscailte breisuireanta oscailte ar fáil ó 8rn go 10in gach lá dóibh siúd a chláraíonn mar bhaill Mo Leabharlann Oscailte. Tá ballraíocht Mo Leabharlainne Oscailte ar fáil d'éinne os cionn 16 bhliain d'aois. Níl rochtain ar fáil dóibh siúd faoi 16 bhliain d'aois ach amháin i dteannta a dtuismitheoir nó a gcaomhnóir.

Ag Dul Isteach agus ag Teach Amach as an Leabharlann



1. Ní mór do chárta leabharlainne agus UAP a bheith agat. Scan do chárta faoin léitheoir barrachóid in aice leis an doras tosaigh.
2. Caithfidh an barrachóid a bheith ar adgaidh agus na huimhreacha casta isteach. Nuair a chloiseann tú an bíp, cuir isteach d'UAP. Oslóidh an doras go huathoibríoch ar feadh 15 soicind.
3. Fan sa fhorhalla go dtí go ndúnann an doras. Is ortsa atá an fhreagracht gan éinne eile a ligean isteach. Ní mór duit logáil isteach i d'aonar agus ní i dteannta aon Bhall eile de chuid Mo Leabharlann Oscailte.
4. Nuair a bhíonn an leabharlann á fhágail agat, osclóidh na doirse uathoibríocha agus tú ag druidim i ngar dóibh agus dúnfaidh siad taobh thiar díot nuair a théann tú amach.

TÁ MONATÓIREACHTA TFCI Á DHÉANAMH AR AN LEABHARLANN I gCÓNAÍ.

Ag dul isteach sa leithreas



- Tá an leithreas inrochtana suite i leabharlann na n-aosach (mar atá léirithe ar an Léarscáil).
- Teastaíonn UAP uait chun rochtain a fháil ar an leithreas.
- Tabharfar an uimhir UAP seo duit nuair a chláraíonn tú le Mo Leabharlann Oscailte.
- Brúigh an doras a oscailt agus déan glasáil láimhe ar an doras i do dhiaidh.
- Chun imeacht, déan an doras a dhíghlasáil agus brúigh an lasc in aice leis an doras chun á oscailt.
- I gcás éigeandála, bain úsáid as an idirchum taobh istigh den leithreas chun glaoch ar an gcomhlacht monatóireachta a chabhróidh leat.



Am dúnta

Dúnann an leabharlann ar bhuille a 10in. Lean na treoracha fuaimne agus fág an leabharlann in am. Socraíonn an t-aláram ionraidh go huathoibríoch ag an am dúnta. Gníomhóidh éinne a fhanann sa leabharlann tar éis 10in an t-aláram ionraidh, a chuireann an ghnólacht monatóireachta ar an eolas.

Eachtraí á dTuairisciú



Má thagann aon cheist chun cinn agus Mo Leabharlann Oscailte á húsáid i leabharlann Ráth Eanaigh, seol rPhost chuig myopenlibrary@dublincity.ie chun tuairisc a dhéanamh ina leith. I gcás éigeandála, lean an gnás thíos.

Gnás Éigeandála

I gcás aláram dóiteáin, tosaíonn bonnán ag séideadh san fhoirgneamh. Fág an leabharlann tríd an mbealach amach éigeandála is gaire duit. I gcás gearradh cumhachta, cuirtear an soisiú éigeandála i bhfeidhm. Fág an leabharlann tríd an mbealach amach éigeandála is gaire duit.

Tá trí bhealach amach éigeandála ann (mar atá léirithe ar an Léarscáil)



- Doras tosaigh na leabharlainne
- An doras amach éigeandála ó Leabharlann na Leanaí go dtí an taobh amuigh den fhoirgneamh
- An doras amach éigeandála in aice leis an leithreas poiblí i leabharlann na n-aosach

Tabhair faoi deara: tá an bealach amach go gairdín na leabharlainne faoi ghlas agus ní bhíonn sé ag feidhmiú le linn tréimhse Mo Leabharlann Oscailte.



Tá an Pointe Tionóil suite ag an mbealach isteach ar charrchlós na leabharlainne in aice le cógaslann Tully.

Má thagann imní ort sa leabharlann, nó má leanann duine éigin tú isteach inti gan cárta nó gan UAP á úsáid aige:

Bain úsáid as an bhfón éigeandála dearg chun glaoch ar an ngnólacht monatóireachta nó bain úsáid as d'fhón póca chun glaoch ar an ngnólacht monatóireachta ag **049-9527100**

I gcás éigeandála, bain úsáid as d'fhón póca chun glaoch ar na seirbhísí éigeandála ag **999 / 112**.

Sé Eircode na leabharlainne ná **D05VY99**



Tá Bosca Garchabhrach ar fáil in aice leis an bhfón éigeandála.



Leabharlann Ráth Eanaigh

Lá	Foireann i Láthair	Tréimhse Mo Leabharlainne Oscailte
Dé Luain	10.00rn - 8.00in	8.00rn - 10.00rn 8.00in - 10.00in
Dé Máirt	10.00rn - 8.00in	8.00rn - 10.00rn 8.00in - 10.00in
Dé Céadaoin	10.00rn - 8.00in	8.00rn - 10.00rn 8.00in - 10.00in
Déardaoin	10.00rn - 8.00in	8.00rn - 10.00rn 8.00in - 10.00in
Dé hAoine	10.00rn - 5.00in	8.00rn - 10.00rn 5.00in - 10.00in
Dé Sathairn	10.00rn - 5.00in	8.00rn - 10.00rn 5.00in - 10.00in
Dé Domhnaigh	Gan Foireann	8.00rn - 10.00in



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

